# SUIRBHÉ NA hÉIREANN AR RANNPHÁIRTÍOCHT MAC LÉINN 2021

Go raibh maith agat as an StudentSurvey.ie don bhliain 2021 a dhéanamh. Seans nach bhfuil na ceisteanna chomh hábhartha sin ó tharla nach mbíonn tú i láthair ar an gcampas rómhinic, ach tabhair an freagra is cruinne agus is féidir orthu i bhfianaise an taithí a bhí agat i rith na bliana acadúil (chun dáta). Tá ceisteanna nua sa suirbhé i mbliana a dhéileálann go sonrach leis an taithí a bhí agat agus tú i mbun cumarsáide le d'institiúid ardoideachais i rith COVID-19 agus beidh na ceisteanna sin ag tús an tsuirbhé.

## Ceist A: Cé mhéid a n-aontaíonn tú leis na ráitéis seo a leannas faoin tionchar atá ag COVID-19 ar d'eispéireas?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Bíonn m'institiúid ardoideachais i mbun cumarsáide liom ar bhonn éifeachtach agus tráthúil. | | | | |
| 2 | Cuireann m'institiúid ardoideachais dóthain deiseanna foghlama ar líne ar fáil dom. | | | | |
| 3 | Tá mé in ann mo dhóthain rochtana a fháil ar na hacmhainní foghlama ar líne chun dul i ngleic le mo chúrsa léinn. | | | | |
| 4 | Tá timpeallacht fheiliúnach staidéir agam (spás oibre, rochtain idirlín, ríomhaire, etc.) sa bhaile. | | | | |
| 5 | Airím go bhfuil mé nasctha le m'institiúid ardoideachais in ainneoin rochtain ar an gcampas a bheith srianta. | | | | |

| 6 | Céard iad na gnéithe dearfacha den eispéireas foghlama ar líne/cumaisc ar mhaith leat a choinneáil nuair a atosófar staidéar ar an gcampas? |
|---|---|
| | |

| 7 | Céard iad na bealaí ina bhféadfadh d'institiúid ardoideachais feabhas a chur ar an gcaoi ar thacaigh sí leat sna cúinsí reatha? |
|---|---|
| | |

## Ceist B: I rith na bliana acadúla, cé chomh minic a ndearna tú iad seo a leanas?

| | | Riamh | Uaireanta | Go minic | An-mhinic |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Chuir tú ceist nó ghlac tú páirt i bplé sa rang, rang teagaisc, saotharlann nó ar líne | | | | |
| 2 | Tháinig tú isteach sa rang gan léitheoireacht nó tascanna déanta agat | | | | |
| 3 | D'iarr tú cúnamh ar mhac léinn eile ábhar an chúrsa a mhíniú duit | | | | |
| 4 | Mhínigh tú ábhar an chúrsa do mhac léinn/do mhic léinn eile | | | | |
| 5 | D'ullmhaigh tú do scrúduithe trí ábhar an chúrsa a phlé nó a scagadh le mic léinn eile | | | | |
| 6 | D'oibrigh tú le mic léinn eile ar thionscadail nó ar mheasúnuithe | | | | |
| 7 | Rinne tú cur i láthar sa rang nó ar líne | | | | |
| 8 | Thug tú smaointe le chéile as ábhair / modúil éagsúla chun measúnú a dhéanamh | | | | |
| 9 | Cheangail tú an fhoghlaim le fadhbanna sa tsochaí | | | | |
| 10 | Chuir tú meonta éagsúla (polaitíochta, reiligiúnacha, ciniúla/eitneacha, inscne, etc.) i láthair i bplé nó i measúnuithe | | | | |
| 11 | Scrúdaigh tú na láidreachtaí agus na laigí a bhí le do chuid tuairimí féin ar ábhar nó ar fhadhb | | | | |
| 12 | Thriail tú tuiscint níos fearr a fháil ar thuairimí duine eile trí bhreathnú ar fhadhb óna t(h)aobh sin de | | | | |
| 13 | D'fhoghlaim tú rud éigin a d’athraigh an chaoi a dtuigeann tú fadhb nó coincheap | | | | |
| 14 | Cheangail tú smaointe ó na hábhair / modúil le do thaithí agus do chuid eolais féin | | | | |

**Ceist B (ar lean): I rith na bliana acadúla, cé chomh minic a ndearna tú iad seo a leanas?**

| | | Riamh | Uaireanta | Go minic | An-mhinic |
|---|---|---|---|---|---|
| 15 | Phléigh tú an ghairm ba mhaith leat leis an bhfoireann acadúil | | | | |
| 16 | D'oibrigh tú leis an bhfoireann acadúil ar ghníomhaíochtaí taobh amuigh den obair chúrsa | | | | |
| 17 | Phléigh tú smaointe, coincheapa nó ábhar an chúrsa leis an bhfoireann acadúil taobh amuigh den rang | | | | |
| 18 | Phléigh tú an chaoi a raibh ag éirí leat leis an bhfoireann acadúil | | | | |
| 19 | Chum tú conclúidí bunaithe ar anailís ar eolas uimhriúil (uimhreacha, graif, staitisticí, etc.) | | | | |
| 20 | D'úsáid tú eolas uimhriúil chun fadhbanna an domhain (dífhostaíocht, athrú aeráide, sláinte phoiblí, etc.) a scrúdú | | | | |
| 21 | Rinne tú measúnú ar chonclúidí daoine eile bunaithe ar eolas uimhriúil | | | | |
| 22 | Phioc tú eolas tábhachtach as ábhar léitheoireachta a bhí molta | | | | |
| 23 | Chuaigh tú siar ar do chuid nótaí i ndiaidh ranga | | | | |
| 24 | Rinne tú achoimre ar an méid a d'fhoghlaim tú sa rang nó ó ábhar an chúrsa | | | | |
| 25 | Chuir tú feabhas ar do chuid eolais agus scileanna chun seans níos fearr a bheith agat fostaíocht a aimsiú | | | | |
| 26 | D'fhiosraigh tú cén chaoi leis an méid a d'fhoghlaim tú a chur i bhfeidhm san ionad oibre | | | | |
| 27 | Rinne tú aclaíocht nó ghlac tú páirt i ngníomhaíochtaí aclaíochta | | | | |
| 28 | Bhain tú tairbhe as an bhfoghlaim acadúil agus as do thaithí san ionad oibre araon | | | | |
| 29 | D'oibrigh tú ar mheasúnuithe a thug léargas duit ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leat san fhoghlaim | | | | |

**Ceist C: I rith na bliana acadúla reatha, cén bhéim a chuir an obair chúrsa orthu seo a leanas?**

| | | Fíorbheagán | Roinnt | Roinnt mhaith | Go leor |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Ábhar an chúrsa a chur de ghlanmheabhair | | | | |
| 2 | Fíricí, teoiricí nó modhanna a úsáid chun fadhbanna praiticiúla nó ceisteanna nua a réiteach | | | | |
| 3 | Anailís ar smaoineamh, taithí nó argóint trí na páirteanna a scrúdú | | | | |
| 4 | Measúnú ar thuairim, cinneadh nó foinse eolais | | | | |
| 5 | Tuiscint nó smaoineamh nua a bhunú ar phíosaí éagsúla eolais | | | | |

**Ceist D: I rith na bliana acadúla seo, cé chomh minic a ndearna léachtóirí / an fhoireann teagaisc an méid seo a leanas?**

| | | Fíorbheagán | Roinnt | Roinnt mhaith | Go leor |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Spriocanna agus riachtanais an chúrsa a mhíniú go soiléir | | | | |
| 2 | Múineadh ar bhealach eagraithe | | | | |
| 3 | Samplaí nó léaráidí a úsáid chun pointí casta a mhíniú | | | | |
| 4 | Aiseolas a thabhairt ar dhréacht nó ar shaothar a bhí idir lámha | | | | |
| 5 | Aiseolas sciobtha, sonraithe a thabhairt ar thástálacha nó ar mheasúnuithe | | | | |

**Ceist E: Cé acu díobh seo a leanas atá déanta agat nó atá i gceist agat a dhéanamh sula gcríochnóidh tú i d'institiúid féin?**

| | | Níl a fhios agam fós | Níl sé i gceist agam | Tá sé i gceist agam | Déanta nó á dhéanamh |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Oibriú leis an bhfoireann acadúil ar thogra taighde | | | | |
| 2 | Seirbhís pobail nó obair dheonach | | | | |

## Ceist F: I d'institiúid féin, abair cén cineál idirghníomhaíochta a bhíonn leo seo a leanas?

| | | 1 Go dona | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 Thar barr | 7 | Ní bhaineann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Mic léinn | | | | | | | | |
| 2 | Comhairleoirí acadúla | | | | | | | | |
| 3 | An fhoireann acadúil | | | | | | | | |
| 4 | Foireann sna seirbhísí tacaíochta (seirbhísí gairmeacha, gníomhaíochtaí na mac léinn, lóistín, etc.) | | | | | | | | |
| 5 | Foireann agus oifigí riaracháin eile (clárlann, airgeadas, etc.) | | | | | | | | |

## Ceist G: Cén bhéim a chuireann d'institiúid féin orthu seo a leanas?

| | | Fíorbheagán | Roinnt | Roinnt mhaith | Go leor |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Go leor ama a chaitheamh ag staidéar agus ar obair acadúil | | | | |
| 2 | Tacaíocht a thabhairt chun go n-éireoidh le mic léinn go hacadúil | | | | |
| 3 | Seirbhísí tacaíochta foghlama a úsáid (ionad foghlama, ionad ríomhaireachta, tacaíocht sa mhatamaitic, tacaíocht scríbhneoireachta | | | | |
| 4 | Teagmháil i measc na mac léinn as cúlraí éagsúla (sóisialta, ciniúil/eitneach, reiligiúnach, etc.) | | | | |
| 5 | Deiseanna a chur ar fáil le bheith páirteach go sóisialta | | | | |
| 6 | Tacaíocht a thabhairt do do leas ar an iomlán (caitheamh aimsire, cúram sláinte, comhairleoireacht, etc.) | | | | |
| 7 | Cuidiú leat do chuid freagrachtaí neamhacadúla a bhainistiú (obair, teaghlach, etc.) | | | | |
| 8 | Freastal ar ghníomhaíochtaí agus ar imeachtaí ar an gcampas (aoichainteoirí, ócáidí cultúrtha, imeachtaí spóirt, etc.) | | | | |
| 9 | Freastal ar imeachtaí a chuireann an bhéim ar cheisteanna móra sóisialta, eacnamaíochta nó polaitíochta | | | | |

**Ceist H: Cé chomh mór is a chuir do thaithí san institiúid seo le do chuid eolais, scileanna agus forbartha pearsanta sna réimsí seo a leanas?**

| | | Fíorbheagán | Roinnt | Roinnt mhaith | Go leor |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Scríobh go soiléir agus go héifeachtach | | | | |
| 2 | Labhairt go soiléir agus go héifeachtach | | | | |
| 3 | Smaoineamh go grinn agus go hanailíseach | | | | |
| 4 | Anailís a dhéanamh ar eolas uimhriúil agus staitistiúil | | | | |
| 5 | Eolas agus scileanna a fhoghlaim a bhaineann le post nó le hobair | | | | |
| 6 | Oibriú go héifeachtach le daoine eile | | | | |
| 7 | Fadhbanna móra casta an tsaoil a réiteach | | | | |
| 8 | A bheith i do shaoránach eolach agus gníomhach (sa tsochaí / sa pholaitíocht / sa phobal) | | | | |

**Ceist I: Ceisteanna deiridh**

Deis atá sna ceisteanna thíos do thuairim a léiriú ar an taithí acadúil trí chéile i d'institiúid.

| | | Go done | Maith go leor | Go maith | Iontach |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Cén cur síos a dhéanfá ar do thaithí oideachais trí chéile san institiúid seo? | | | | |

| | | Ní phiocfainn beag nó mór | Seans maith nach bpiocfainn | Seans maith go bpiocfainn | Phiocfainn |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Dá bhféadfá tosú arís, an bpiocfá an institiúid chéanna le freastal uirthi arís? | | | | |

| | |
|---|---|
| 3 | Cén chaoi is fearr a spreagann an institiúid mic léinn le foghlaim? |
| | |

| | |
|---|---|
| 4 | Cén chaoi a bhféadfadh an institiúid an chaoi a bhfoghlaimíonn mic léinn a fheabhsú? |
| | |

Go raibh maith agaibh as an suirbhé seo a líonadh.